| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Beartas Comhionannais |
| **Cur Síos:** | Is é cuspóir an bheartais ná chun cinntiú go mbeidh fáil ar bheartas comhionannais ag baill na foirne agus ag mic léinn araon. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# Beartas Comhionannais

## 1. Comhthéacs

Aithníonn Institiúid Oideachais Marino (IOM) an tábhacht a bhaineann le comhionannas a chur chun cinn i ngnéithe uile na gníomhaíochta dá cuid: oideachas, fostaíocht agus soláthar seirbhísí. Tá IOM tiomanta chun a áirithiú go gcomhlíontar caighdeáin leis an mbeartas seo lena léirítear dea-chleachtas san ardoideachas.

## 2. Cuspóir

Is é an cuspóir ná chun cinntiú go mbeidh fáil ar bheartas comhionannais ag baill na foirne agus ag mic léinn araon.

## 3. Tairbhí

3.1 Tá IOM tiomanta don fhrith-idirdhealú maidir le mic léinn, an fhoireann agus úsáideoirí seirbhísí i dtaca leis na naoi bhforas atá sonraithe i reachtaíocht um chomhionannas.

3.2 Déanfaidh IOM iarracht bacainní ar bith a shainaithint roimh rannpháirtíocht iomlán i saol na hollscoile maidir le mac léinn, ball na foirne nó úsáideoir seirbhíse, agus déanfaidh sí beart chun iad sin a réiteach de réir mar is iomchuí.

## 4. Prionsabail

4.1 Tá prionsabal an chomhionannais cumhdaithe ina lán conarthaí agus dearbhuithe idirnáisiúnta agus de chuid an AE. I nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine meastar comhionannas mar phrionsabal bunúsach i dtéarmaí chearta daonna an duine - 'Beirtear gach duine mar dhuine saor agus mar a chéile maidir le dínit agus cearta', Airteagal 1.

4.2 San Acht um Míchumas, 2005 cuirtear oibleagáidí suntasacha ar chomhlachtaí poiblí i dtéarmaí rochtain chomhtháite ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas[1], agus maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumais a chur chun cinn freisin[2].

## 5. Sainmhínithe

Tabhair faoi deara nach bhfuil sna sainmhínithe seo ach treoirlínte agus níor cheart iad a ghlacadh mar chomhairle dlí.

5.1. Tá cosc ar idirdhealú agus baineann ciall ar leith leis san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus sna hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 (mar a leasaíodh). Is féidir idirdhealú a dhéanamh go díreach, go hindíreach, trí bhainteacht nó trí líomhain.

[1]Féach an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais
[2]Féach Daoine faoi Mhíchumais a Fhostú

i. Idirdhealú díreach - Sainmhínítear idirdhealú díreach mar chaitheamh le duine ar bhonn is lú buntáiste ná mar a chaitear, mar a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide ar cheann ar bith de na naoi bhforas comhionannais.
ii. Idirdhealú indíreach - Tarlaíonn idirdhealú indíreach nuair a tharlaíonn déileáil is lú buntáiste i ngníomh nó trí thionchar. Tarlaíonn sé, mar shampla, nuair a dhiúltar fostaíocht nó oiliúint do dhaoine ní go follasach mar gheall ar chúis idirdhealaitheach ach mar gheall ar fhoráil, ar chleachtas nó ar riachtanas atá deacair dóibh a chomhlíonadh. Má chuirtear daoine lena mbaineann ceann amháin de na forais atá cumhdaithe ag na hachtanna faoi mhíbhuntáiste ar leith de bharr na forála, an chleachtais nó an riachtanais, ansin glacfar leis go ndearna an fostóir idirdhealú indíreach, mura dtugtar bonn cirt leis an bhforáil le haidhm dhlisteanach agus mura bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.
iii. Idirdhealú trí bhainteacht - Tarlaíonn idirdhealú trí bhainteacht nuair a chaitear le duine atá bainteach le duine eile (lena mbaineann ceann amháin de na naoi bhforas comhionannais) ar bhonn is lú buntáiste mar gheall ar an mbainteacht sin.
iv. Idirdhealú trí líomhain - Tarlaíonn idirdhealú trí líomhain nuair a dhéantar idirdhealú i gcoinne duine ar bhonn cinn ar bith de na naoi bhforas comhionannais arna líomhain air/uirthi (i.e. meastar go mbaineann an foras sin leis/léi).

5.2. Forais Chomhionannais

Tabhair faoi deara nach bhfuil sna sainmhínithe seo ach treoirlínte agus níor cheart iad a ghlacadh mar chomhairle dlí.

i. Inscne: féiniúlacht duine mar fhear, mar bhean nó mar inscne neamh-dhénártha. Tá idirdhealú a bhaineann le duine trasinscneach nó duine ag a bhfuil stádas idirghnéasach cumhdaithe leis an bhforas sin.
ii. Stádas sibhialta: singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, páirtí sibhialta, iar-pháirtí sibhialta.
iii. Stádas teaghlaigh: ag iompar clainne, tuismitheoir duine níos óige ná 18 mbliana, nó príomhchúramóir cónaitheach nó tuismitheoir duine faoi mhíchumas.

iv. Aois: ní bhaineann sé sin ach le daoine níos sine ná 16 bliana.
v. Cine agus eitneacht: cine, dath craicinn, náisiúntacht nó bunús eitneach ar leith.
vi. Míchumas: sainmhínítear é sin ar bhonn leathan chun daoine a chuimsiú atá faoi mhíchumais fhisiciúla, intleachta, foghlama, chognaíocha nó mhothúchánacha agus ag a bhfuil raon de riochtaí sláinte.

vii. Gnéaschlaonadh: rogha an duine maidir le páirtithe gnéis, lena bhféadfadh catagóirí a bheith san áireamh leis, ach nach bhfuil teoranta dóibh, amhail aerach, leispiach, déghnéasach, heitrighnéasach nó éighnéasach.

viii. Baill an phobail taistealaithe: daoine a dtugtar taistealaithe orthu de ghnáth, a aithnítear ag taistealaithe agus ag daoine eile araon mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin choiteanna, arna sainaithint go stairiúil mar mhodh maireachtála fánaíochta ar oileán na hÉireann.

5.3. Ciapadh

San Acht um Chomhionannas, 2004, is ionann ciapadh agus foirm ar bith d'iompar nach bhfuil de dhíth a bhaineann le ceann ar bith de na naoi bhforas idirdhealaitheacha a bhfuil mar chuspóir nó éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, mhaslach, náireach nó ghránna a chruthú don duine[3].

i. Is ionann ciapadh gnéasach agus foirm ar bith d'iompar de nádúr gnéasach ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil gan iarraidh. I gcásanna, d'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh leis an iompar atá gan iarraidh: gníomhartha, iarratais, focail labhartha, comharthaí nó focail i scríbhinn, pictiúir nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh. Tá an bhéim ar éifeacht an iompair nach bhfuil ag teastáil ón bhfaighteoir, ní ar rún dhéantóir na coire.

ii. Tá foirmeacha eile de bhulaíocht agus de chiapadh ann nach bhfuil san áireamh leis na hAchtanna ach atá cumhdaithe ag reachtaíocht eile amhail An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977-2005, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, Dlí Sibhialta agus Dlí Coiriúil.

5.4. Idirdhealú Dearfach: San Acht um Chomhionannas, 2004 ligtear do chaitheamh fabhrach le duine nó do ghlacadh beart dearfach ar dea-rúin iad atá beartaithe chun na nithe a leanas a dhéanamh:

i. Comhionannas deise a chur chun cinn

ii. Freastal ar riachtanais speisialta daoine, nó de chatagóir daoine, óna bhféadfadh saoráidí, socruithe, seirbhísí nó cúnamh a bheith ag teastáil mar gheall ar a gcúinsí.

iii. Leis an Acht um Chomhionannas, 2004 ní ligtear d'idirdhealú dearfach ach amháin in imthosca sonraithe áirithe.

5.5. Réamhchlaonadh

Is ionann réamhchlaonadh agus breithiúnas, creideamh nó tuairim ar a dtagtar roimh ré nó gan

[3] Féach Beartas um Dhínit agus um Mheas

eolas nó scrúdú ar na fíricí. D'fhéadfadh sé a bheith dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair sa ghrúpa sin.

5.6. Freastal Réasúnta ar Dhaoine faoi Mhíchumais[4]:

i. I soláthar seirbhísí (na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 (mar a leasaíodh))

a. Ní mór do dhuine a dhíolann earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí, do dhuine a sholáthraíonn cóiríocht, d'institiúidí oideachais agus do chlubanna gach rud atá réasúnta a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine faoi mhíchumas.

b. Is é atá i gceist leis sin déileáil nó saoráidí speisialta a sholáthar in imthosca nuair a bheadh sé dodhéanta, nó ina mbeadh deacracht iomarcach, gan na nithe sin, leas a bhaint as na hearraí, as na seirbhísí, nó as an gcóiríocht etc.

c. Níl oibleagáid ar Institiúidí Ardoideachais, áfach, saoráidí nó déileáil speisialta a sholáthar nuair a bhaineann costas leo níos mó ná costas ainmniúil, mar a thugtar air. Beidh an méid a bheidh i gceist le costas ar a dtugatr costas ainmniúil ag brath ar na himthosca amhail méid agus acmhainní an chomhlachta lena mbaineann.

ii. I bhfostaíocht (An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998)

Níl aon rud san Acht lena n-éillítear ar fhostóir duine a earcú nó a ardú nach bhfuil inniúil go hiomlán agus nach bhfuil ar fáil agus cumasach go hiomlán na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Chun críocha an Achta, meastar duine faoi mhíchumas le bheith inniúil agus cumasach go hiomlán ar an gcoinníoll go ndéantar freastal réasúnta (dá dtagraítear mar bhearta iomchuí) ag fostóir an duine[5].

iii. Tá oibleagáid ar fhostóir bearta réasúnta a ghlacadh d'fhonn duine faoi mhíchumas a chumasú i leith na nithe a leanas:

a. Rochtain ar fhostaíocht a bheith acu

b. Páirt a ghlacadh i bhfostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh inti

c. Oiliúint a dhéanamh mura gcuirfí ualach díréireach ar an bhfostóir leis na bearta

iv. Is ionann bearta iomchuí agus bearta praiticiúla chun an institiúid a chur in oiriúint lena n-áirítear:

a. Oiriúnú áitribh agus trealaimh

[4]Féach an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas
[5]Féach an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

b. Patrúin uaireanta oibre

c. Dáileadh tascanna nó

d. Oiliúint nó acmhainní um chomhtháthú a sholáthar.

Níl oibleagáid ar an bhfostóir déileáil, saoráid nó rud ar bith a sholáthar a d'fhéadfadh an duine a sholáthar dó féin nó di féin de ghnáth nó go réasúnta. Trí chinneadh a dhéanamh cé acu an gcuirfí nó nach gcuirfí ualach díréireach ar an bhfostóir leis na bearta, cuirtear costais airgeadais agus costais eile a bheadh i gceist san áireamh,
mar aon le scála agus acmhainní airgeadais ghnólacht an fhostóra,agus an fhéidearthacht de mhaoiniú poiblí nó cúnamh eile a fháil.

5.7. Steiréitíopáil

Tarlaíonn steiréitíopáil nuair a chuirtear saintréithe a bhaineann ar an ngnáthbhealach le grúpa áirithe, go gcuirtear na saintréithe sin i bhfeidhm maidir le daoine aonair a shíltear a bheith ina gcuid den ghrúpa sin. Is ionann steiréitíopaí agus ginearálú: d'fheadfadh siad a bheith gan bhunús, agus d'fhéadfadh siad a bheith dearfach nó diúltach.

5.8. Dliteanas ionadach

Tá fostóirí faoi dhliteanas maidir le bearta idirdhealaitheacha fostaí i gcúrsa a c(h)uid fostaíochta, mura bhfuil siad in ann a chruthú gur ghlac siad céimeanna praiticiúla réasúnta chun an t-iompar a chosc[6].

## 6. Beartas

6.1 Freastal Réasúnta ar Dhaoine faoi Mhíchumas

Déanann IOM iarracht chun cinntiú go mbíonn an rochtain is iomláine agus is cothroime ag mic léinn, ag baill na foirne agus ag úsáideoirí seirbhísí atá faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar ghnéithe uile shaol na hInstitiúide agus is féidir a sholáthar go réasúnta[7]. Tá IOM tiomanta do chlár feabhsúcháin maidir le rochtain fhisiciúil ar shaoráidí a sholáthar agus d'fhaisnéis inrochtana a chur ar fáil[8].

Tá IOM ag iarraidh timpeallacht a chruthú inar féidir le mic léinn, le baill na foirne agus le húsáideoirí seirbhísí atá faoi mhíchumais na riachtanais atá acu a phlé le réimsí uile na hInstitiúide[9]. Déanfaidh a leithéid de réimsí iarracht freastal

réasúnta a dhéanamh ar na riachtanais sin a nochtar dóibh[7]. Is féidir le mic léinn/mic léinn ag teacht isteach clárú leis an tSeirbhís

---

[6]Féach Beartas um Dhínit agus um Mheas
[7]Féach an Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais
[8]Féach Beartas maidir le Faisnéis Inrochtana
[9]Féach Toiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt

Míchumais agus is féidir baill foirne/le baill foirne ionchasacha teagmháil a dhéanamh leis an roinn Acmhainní Daonna d'fhonn a gcuid riachtanas a phlé agus chun tacaíochtaí ábhartha a rochtain.

6.2 Comhionannas maidir le Soláthar Seirbhísí (mic léinn, baill foirne agus úsáideoirí seirbhísí)

i. Mic Léinn

Tá forálacha an Bheartais Chomhionannais infheidhme maidir le mic léinn chláraithe IOM agus maidir le hiarratasóirí ar staidéar ag an Institiúid. Déanfaidh IOM comhionannas rochtana agus comhionannas deise a chinntiú do mhic léinn agus cinnteoidh sí nach ndéantar idirdhealú díreach nó indíreach lena próiseas iontrálacha, le measúnú, le riarachán nó le nósanna imeachta eile dá cuid i gcoinne mic léinn ar bith maidir le ceann ar bith de na naoi bhforas comhionannais[10]. Tá sé sin infheidhme maidir le gnéithe seach-churaclaim chomh maith le gnéithe acadúla shaol IOM. Táthar ag súil go gcuirfidh cumainn na mac léinn an beartas sin i bhfeidhm ar fud na ngníomhaíochtaí dá gcuid.

ii. Rannpháirtíocht a leathnú

Déanann IOM rochtain a éascú ar na cláir dá cuid ag mic léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht trí na ngníomhaíochtaí for-rochtana dá cuid, trína bonnchúrsaí agus trína conairí iontrála malartacha[11]. Oibríonn IOM i dtreo na gcuspóirí náisiúnta de rochtain a leathnú ar ardoideachas.

Is í an oifig phríomhúil maidir leis sin Cláir Rochtana IOM.

Freastal a dhéanamh ar éagsúlacht: Déanfaidh seirbhísí IOM iarracht seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ar bhealach cuimsitheach, inrochtana agus solúbtha maidir le héagsúlacht phobal na mac léinn, na mball foirne agus na n-úsáideoirí seirbhísí.

Comhionannas: Déanfaidh IOM iarracht chun freastal ar éagsúlacht na mac léinn, na mball foirne agus na n-úsáideoirí seirbhísí ar fud na naoi bhforas comhionannais agus ó ghrúpaí eile faoi ghannionadaíocht trí na nithe a leanas a dhéanamh:

a. Riachtanais na mac léinn, na mball foirne agus na n-úsáideoirí seirbhísí ar fud na naoi bhforas comhionannais agus ó ghrúpaí eile faoi

ghannionadaíocht a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn gníomhach. Úsáidfear modhanna sonraí, aiseolais agus comhairliúcháin éagsúla chun na críche sin.

b. Freastal réasúnta a dhéanamh ar mhic léinn, ar bhaill foirne agus ar úsáideoirí seirbhísí faoi mhíchumas agus rochtain chomhtháite a sholáthar ar sheirbhísí

[10]Féach Beartas Iontrála, Rochtana agus Aistrithe agus Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil
[11]Féach Bealaí Rochtana IOM

nuair a bhíonn sé praiticiúil.

c. Bacainní roimh rannpháirtíocht do mhic léinn, do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhísí a phlé.

d. Bearta idirdhealaithe dearfacha a ghlacadh chun comhionannas deise

a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíbhuntáiste nuair is gá.

e. Solúbthacht a chinntiú maidir le córais agus seirbhísí a oibriú.

f. Ionchuimsitheacht a dhaingniú laistigh de ghníomhaíochtaí agus de chleachtais acadúla uile

## 7. Cáipéisí Gaolmhara

7.1. An Beartas um Dhínit agus um Mheas

7.2. An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

7.3. An Beartas um Fhaisnéis Inrochtana

7.4. Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt

7.5. An Beartas um Iontráil, Rochtain agus Aistriú

7.6. Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil

7.7. Daoine faoi Mhíchumais a Fhostú